Intreo



# Do Threoir ar ár Scéimeanna agus Seirbhísí:

# Seirbhísí Fostaíochta agus Tacaí

Bealtaine 2023

T37947.ToIrish_GAE.indd 1 27-06-2023 19:11:46

# Maidir leis an treoir seo

Tabharfaidh an treoir seo forbhreathnú duit ar an raon leathan de thacaíochtaí, scéimeanna agus seirbhísí bainteach le fostaíocht a sholáthraíonn Ionaid Intreo na Roinne Coimirce Sóisialaí. Is iad Ionaid Intreo Seirbhísí Fostaíochta Poiblí na hÉireann.

Baineann seacht bpríomhchuid leis an treoir seo:

1. Post a aimsiú agus tacaíochtaí
2. Tacaíochtaí airgeadais fad is atá tú ag obair
3. Tacaíochtaí oibre má tá tú faoi mhíchumas
4. Deontais agus tacaíochtaí airgeadais do dhaoine atá faoi mhíchumas
5. Oiliúint agus oideachas
6. Do ghnó féin a bhunú
7. Tacaíochtaí eile

Chomh maith leis sin, tugann an treoir eolas duit maidir leis an méid seo a leanas:

- Ionaid Intreo agus conas gur féidir leo cuidiú leat (**leathanach 5**); agus
- conas agus cén fáth ar cheart duit cuntas **MyWelfare** agus cuntas **MyGovID** a oscailt (**leathanach 6**).

Bainimid úsáid as cóid QR chun an treoir chlóite seo a nascadh le faisnéis níos mionsonraithe ar líne. Is féidir leat na cóid QR sa treoir a scanadh le do ghuthán le tabhairt chuig na leathanaigh ghréasáin ábhartha.

Is féidir leat an leagan ar líne den treoir seo a fháil tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/dsp/guides**.



T37947.ToIrish_GAE.indd 1 27-06-2023 19:11:47

Is é sin atá i gceist leis an treoir seo - treoir amháin. Ní léirmhíniú dlíthiúil ar fhaisnéis é. Más mian leat do chás féin a phlé, nó má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le do thoil le d'Ionad Intreo áitiúil, d'Oifig Brainse Leasa Shóisialaigh nó d'aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Is féidir leat ainm agus seoladh d'Ionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Brainse Leasa Shóisialaigh a aimsiú tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/intreocentres**.

Tá faisnéis ar ár suíomh Gréasáin freisin maidir lenár scéimeanna, tacaí agus seirbhísí.

Is féidir leat an fhaisnéis seo a fháil tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/dsp**.

Tá na rátaí íocaíochtaí do na scéimeanna, na tacaíochtaí agus na seirbhísí go léir atá againn le fáil ag d'Ionad Intreo nó d'Oifig Brainse Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tá na rátaí íocaíochta reatha ar fáil ar líne freisin inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19), atá ar fáil tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/SWrates**.

# Clár na nÁbhar


**Ionaid Intreo agus conas is féidir leo cuidiú leat................................5**
**Conas cuntas MyWelfare a oscailt agus cuntas MyGovID a fháil....7**

**Cuid 1: Post a aimsiú agus tacaíochtaí..............................................10**
Fostaíocht Phobail..........................................................................10
Seirbhísí Infhostaitheachta.........................................................11
Na Seirbhísí Fostaíochta Eorpacha.............................................12
JobsPlus...........................................................................................13
JobsIreland......................................................................................14
Scéim Shóisialta Tuaithe...............................................................15
Tús (tionscnamh pobail um shocrúcháin oibre)......................16
Clár Socrúcháin Taithí Oibre........................................................17

**Cuid 2: Tacaíochtaí airgeadais fad is atá tú ag obair........................19**
An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair.................20
Meastóir Sochair Oibre...............................................................20
Liúntas Cúramóra..........................................................................21
Cúnamh Feirme..............................................................................21
Liúntas Cuardaitheora Poist........................................................22
Cúnamh Éisc...................................................................................22
Sochar Cuardaitheora Poist.........................................................23
Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist...................23
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora....................................24
Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha..............................24
Tacaíocht d'Obair Ghearr-ama....................................................25
An Rogha Oibre Deonaí...............................................................25
Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht..........................................26




T37947.ToIrish_GAE.indd 3 27-06-2023 19:11:47

**Cuid 3: Ag obair fad is atá íocaíocht breoiteachta nó mhíchumais á fáil agat..........27**
Meastóir Sochair Oibre..........28
Tacaíochtaí do Chéimithe atá faoi Mhíchumas..........28
Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall agus Fostaíocht..........29
Cárta Leighis agus Cárta Saorthaistil, iad a choinneáil agus tú ag obair..........30
Sochar Cumais Pháirtigh..........31

**Cuid 4: Deontais agus tacaíochtaí airgeadais do dhaoine atá faoi mhíchumas agus a bhfostóirí..........32**
Deontais don Chiste um Fhreastal Réasúnta..........33
Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas..........36
Scéim Fóirdheontas Pá..........36
JobsPlus..........36

**Cuid 5: Oiliúint agus oideachas..........37**
Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas..........38
Rogha Oideachais Pháirtaimseartha..........38
Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha..........39
Deontas Tacaíochta Oiliúna..........40
Breisoideachas agus Oiliúint..........41
Roghanna Oideachais agus Oiliúna Eile..........42

**Cuid 6: Do ghnó féin a bhunú..........43**
Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair..........43
Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach..........44
Deontas Tacaíochta Fiontraíochta..........44

**Cuid 7: Tacaíochtaí Eile..........45**
Liúntas Leasa Forlíontach..........45
Forlíonadh Cíosa..........46
Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid..........46
Abhaile..........47
An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí..........48



T37947.ToIrish_GAE.indd 4 27-06-2023 19:11:48

# Ionaid Intreo agus conas is féidir leo cuidiú leat

Tugann Ionaid Intreo, atá lonnaithe ar fud na tíre, deis duit tacaíochtaí fostaíochta agus tacaíochtaí ioncaim a fháil in aon áit amháin, chomh maith le réimse leathan de thacaíochtaí pearsanta do chuardaitheoirí poist, cuardaitheoirí poist atá faoi mhíchumas san áireamh. Cabhraíonn siad leat poist, scileanna nua, oiliúint agus tacaíocht i d'fhostaíocht a aimsiú. Mar chuardaitheoir poist, cuireann siad an méid seo a leanas ar fáil duit:

- seirbhísí fostaíochta agus tacaíochtaí ioncaim san aon áit amháin
- comhairle ar dheiseanna fostaíochta, oiliúna agus forbartha pearsanta
- díriú ar do shainriachtanais mar chabhair duit tabhairt faoi fhostaíocht den chead uair nó fhilleadh ar fhostaíocht in athuair
- eolas faoi na tacaíochtaí agus íocaíochtaí ioncaim atá againn

Déan teagmháil leis an Ionad Intreo i do cheantar áitiúil chun coinne a dhéanamh le duine dár gcásoifigeach le do thoil.

Is féidir leat sonraí teagmhála d'Ionad Intreo áitiúil a aimsiú tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/intreocentres**.



T37947.ToIrish_GAE.indd 5 27-06-2023 19:11:48

Má théann tú chun cainte le haon Chásoifigeach, ní thiocfaidh aon athrú ar mhéid na híocaíochta leasa shóisialaigh atá á fáil agat, agus ní dhéanfar athbhreithniú ar d'íocaíocht toisc go raibh tú i dteagmháil le duine acu.

Is féidir leat ár seirbhísí ar líne a úsáid freisin tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar **www.MyWelfare.ie**.

Ar **MyWelfare.ie** is féidir leat:

- rochtain ar sheirbhísí do chuardaitheoirí poist a fháil
- cuir isteach ar go leor íocaíochtaí leasa shóisialaigh
- cóip a iarraidh de thaifead de do ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh agus ráitis ar na híocaíochta a fuair tú ón Roinn Coimirce Sóisialaí

Léigh an **chéad chuid eile** den treoir seo chun fáil amach conas cuntas **MyWelfare** a chruthú agus conas **MyGovID** a fháil mura bhfuil ceann agat cheana féin.

# Conas cuntas MyWelfare a oscailt agus cuntas MyGovID a fháil

Is é MyWelfare an mol ar líne le rochtain a fháil arr sheirbhísí leasa. Tugann sé rochtain éasca ar líne duit ar raon seirbhísí – ó choinní a dhéanamh agus iarratas a dhéanamh ar shochair áirithe, go dtí do shonraí a nuashonrú agus ráitis a ordú. Tá MyWelfare sábháilte agus is féidir leat rochtain a fháil air ag am ar bith, in áit ar bith agus ar gach cineál gléas.

Sna leathanaigh seo a leanas, déanaimid cur síos ar conas na cuntais seo a chur ar bun agus cá háit a bhfuil cabhair le fáil má tá cabhair uait leis seo.

Chun **MyWelfare**, a úsáid, níl ach na nithe seo a leanas uait:

- seoladh ríomhphoist,
- uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP),
- sonraí cuntais bainc, agus
- cuntas **MyGovID**, atá éasca le bunú.

Is aon chuntas amháin é **MyGovID** a thugann rochtain shábháilte ar líne duit ar raon de sheirbhísí rialtais, **MyWelfare** san áireamh. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil ort clárú ach uair amháin agus ní bheidh ach pasfhocal amháin agat le cuimhneamh air do na seirbhísí uile rialtais ar líne.

Ní thógann sé ach cúpla nóiméad chun cuntas a chur ar bun. Ní theastaíonn ach seoladh ríomhphoist uait.

1. Tabhair cuairt ar **www.MyWelfare.ie** (nó scan an cód QR ar **leathanach 6**).
2. Cliceáil **Logáil isteach le MyGovID**.
3. Cliceáil **Cuntas a Bhunú**.
4. Líon isteach do shonraí.
5. Cliceáil **Cuntas a Bhunú**.

Tugann an cuntas bunúsach seo rochtain duit ar roinnt seirbhísí MyWelfare ach ní bheidh rochtain ar gach ceann agat. Is smaoineamh maith é athrú ó chuntas bunúsach go cuntas fíoraithe. Má tá cuntas fíoraithe agat is féidir leat:

- rochtain a fháil ar d'eolas ar fad;
- do shonraí éilimh a fheiceáil agus nuashonrú a dhéanamh orthu
- do mhodh íocaíochta a athrú, ag brath ar an íocaíocht cosanta atá á fáil agat. Mar shampla, ó oifig an phoist nó isteach i gcuntas bainc;
- stádas d'éilimh a rianú;
- sonraí maidir le híocaíocht ar bith a fuair tú le dhá bhliain anuas a fheiceáil; agus
- rochtain ar sheirbhísí uile **MyWelfare** ar líne.

chun uasghrádú go cuntas fíoraithe **MyGovID** beidh Cárta Seirbhísí Poiblí agus guthán póca uait.

Chun Cárta Seirbhísí Poiblí a fháil ba chóir duit coinne clárúcháin duine le duine a chur in áirithe le duine den fhoireann i d'Ionad Clárúcháin CPS/SAFE áitiúil.

Is féidir leat sonraí teagmhála d'Ionad Clárúcháin CPS/SAFE áitiúil a fháil tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar: **www.psc.gov.ie/PSCCentres**

Is féidir leat faisnéis a fháil ar conas iarratas a dhéanamh ar Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP) tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar: **www.psc.gov.ie/how-to-apply**

Nuair a bhunaíonn tú cuntas fíoraithe **MyGovID** ar líne, is féidir linn tú a chuir ar an eolas maidir le haon uimhir theileafóin fíoraithe atá againn duit cheana féin. Mura bhfuil, tabharfaimid cúpla rogha duit le do chuntas a fhíorú.



T37947.ToIrish_GAE.indd 8 27-06-2023 19:11:49

**Má d'fhíoraigh** tú d'uimhir theileafóin, seo an chaoi a logálann tú isteach i do chuntas fíoraithe.

1. Tabhair cuairt ar **www.MyWelfare.ie** (nó scan an cód QR ar **leathanach 6**).
2. Cliceáil **Logáil isteach le MyGovID**.
3. Ciceáil **Fíoraigh do Chuntas**.
4. Cuir isteach d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) chomh maith le sonraí ó do Chárta Seirbhísí Poiblí.
5. Cuir isteach an cód slándála aonúsáide a sheolfaimid chuig do ghuthán. Déanann sé seo do chuntas níos sábháilte fós.

**Murar fhíoraigh** tú d'uimhir theileafóin, seo an chaoi a logálann tú isteach agus a dhéanann tú d'uimhir a fhíorú.

1. Tabhair cuairt ar**www.MyWelfare.ie** (nó scan an cód QR **leathanach 6**).
2. Cliceáil **Logáil isteach le MyGovID.**
3. Ciceáil **Fíoraigh do Chuntas.**
4. Cuir isteach d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) chomh maith le sonraí ó do Chárta Seirbhísí Poiblí.
5. Lean na céimeanna ar an scáileán le d'uimhir theileafóin a fhíorú.

Nuair atá d'uimhir theileafóin fíoraithe agat agus nuair atá tú tar éis do chuntas a uasghrádú go cuntas fíoraithe **MyGovID**, beidh rochtain agat ar na seirbhísí coimirce sóisialaí uile ar líne. Lena n-áirítear iarratais a dhéanamh ar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim ar **MyWelfare.ie**.

## An bhfuil cabhair uait leis an teicneolaíocht a úsáid?

Más deacair duit plé le teicneolaíocht agus más dúshlán mór é **MyGovID** a chur ar bun, is féidir glaoch a chur ar: **0818 927 999** nó **071 967 2616**. Tá an líne chabhrach **MyGovID** ar oscailt ó Luan go hAoine.

# Cuid 1: Post a aimsiú agus tacaíochtaí

Má tá do chéad phost á lorg agat nó más duine tú atá ag obair le blianta fada anuas nó má tá tú ag filleadh ar an margadh fostaíochta tar éis tamall fada - is féidir linn cuidiú leat.

Tugann an rannóg seo eolas duit faoi na tacaíochtaí atá ar fáil duit agus conas is féidir le foireann Intreo cuidiú leat. Sa chuid seo den treoir, tabharfar cuntas faoin méid seo a leanas:

- Fostaíocht Phobail
- Seirbhís Infhostaitheachta
- Na Seirbhísí Fostaíochta Eorpacha
- JobsPlus
- JobsIreland
- Scéim Shóisialta Tuaithe
- Tús (tionscnamh pobail um shocrúcháin oibre)
- Clár Socrúcháin Taithí Oibre

## Fostaíocht Phobail

Cabhraíonn an Clár Fostaíochta Pobail le daoine atá dífhostaithe le fada nó faoi mhíbhuntáiste ar shlí eile, filleadh ar an obair trí shocrúcháin pháirtaimseartha agus shealadacha a sholáthar dóibh i bpoist ata bunaithe i bpobail áitiúla.

- Is fiú go mór an Fhostaíocht Phobail don phobal agus cuireann sé fíorthaithí oibre ar fáil duit. Tá réimse leathan gradam aitheanta de chuid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) ar fáil tríd an gclár seo.

Tá sonraí faoi chúrsaí aitheanta ar fáil tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt **www.qqi.ie**.



T37947.ToIrish_GAE.indd 10 27-06-2023 19:11:49

Chun cáiliú d'Fhostaíocht Phobail:

- ní mór íocaíochta coimirce sóisialaí cáilithe a bheith á fáil agat ar feadh 12 mhí nó níos mó. Baineann eisceachtaí ar leith leis seo tá sé inmholta duit labhairt le duine den fhoireann i d'Ionad Intreo áitiúil chun tuilleadh eolais maidir leis na critéir cháilitheacha a fháil. Is féidir leat liosta de na híocaíochtaí seo a aimsiú ar **www.gov.ie/cescheme**.

Nuair atá tú mar chuid d'Fhostaíocht Phobail:

- oibríonn tú thart ar 19.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, agus
- is féidir leat obair pháirtaimseartha eile a dhéanamh le linn do shocrúcháin.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Fhostaíocht Phobail, déan an cód QR a scanadh nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/cescheme**

## Seirbhísí Infhostaitheachta

Cuireann comhlachtaí atá ag obair thar ceann Intreo seirbhísí infhostaitheachta ar fáil. Cuireann siad sainseirbhís fostaíochta ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Is féidir le do Chásoifigeach Intreo tú a atreorú go dtí an tseirbhís má tá an bheirt agaibh ar aon fhocal go mbainfeá tairbhe as na tacaíochtaí a chuireann na cuideachtaí seo ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht cóitseála poist agus tacaíocht do dhaoine atá fostaithe.

Cuireann an tSeirbhís infhostaitheachta seirbhís earcaíochta agus seirbhís mheaitseála poist ar fáil chomh maith d'fhostóirí.

Le haghaidh breis eolais faoin tseirbhís, téigh i dteagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil le do thoil.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar EmployAbility Service, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/employability**



T37947.ToIrish_GAE.indd 11 27-06-2023 19:11:50

# Na Seirbhísí Fostaíochta Eorpacha

Is é atá i gceist le Seirbhísí Fostaíochta Eorpacha, nó EURES, ná gréasán comhairleoirí a thugann eolas agus comhairle maidir le post a lorg san AE nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

is féidir le comhairleoirí EURES na hÉireann:

- cabhrú leat teagmháil a dhéanamh le fostóirí Eorpacha,
- eolas praiticiúil ginearálta a thabhairt maidir le coinníollacha maireachtála agus oibre i dtíortha eile san AE/sa LEE, agus
- tacaíocht airgeadais a thabhairt i gcásanna áirithe, mar shampla sna cásanna seo a leanas:
    - ◊ ag taisteal chuig agallamh,
    - ◊ ag athlonnú go tír eile,
    - ◊ do chuid cáilíochtaí a aithint, agus
    - ◊ oiliúint teanga.

Más spéis leat oibriú san AE/LEE agus tuilleadh eolais a fháil, déan coinne leis an gcomhairleoir EURES is gaire duit trí theagmháil a dhéanamh leis an Ionad Intreo is gaire duit nó tríd an gcód QR a scanadh nó cuairt a thabhairt ar:

**www.gov.ie/EuresIreland**

Is féidir leat páirt a ghlacadh in imeachtaí earcaíochta chomh maith, ar an láthair nó ar líne ar fud na hEorpa. Faigh tuilleadh eolais tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar:

**www.europeanjobdays.eu**



T37947.ToIrish_GAE.indd 12 27-06-2023 19:11:51

## JobsPlus

Is dreasacht fostóra é JobsPlus a fhéachann le fostóirí a spreagadh agus luach saothair a thabhairt dóibh chun cuardaitheoirí poist incháilithe a fhostú (daoine a fhaigheann Liúntas Cuardaitheora Poist, Sochar Cuardaitheora Poist, Creidmheasanna Cuardaitheora Poist amháin agus Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist). Ó Eanáir 2023 ar aghaidh, déanfar an scéim a leathnú amach chun cuardaitheoirí poist a bhfuil Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil acu le go mbeidís faoi réir na rialacha incháilitheachta céanna is a bhaineann le daoine a bhfuil íocaíochtaí Cuardaitheoirí Poist á bhfáil acu.

íoctar dreasacht le fostóirí gach mí i riaráistí thar tréimhse 2 bhliain. Cuirtear dhá leibhéal d'íocaíochtaí rialta ar fáil, €7,500 agus €10,000 faoi seach.

Ó Eanáir 2023 ar aghaidh, cuirfear rochtain ar an leibhéal níos airde den deontas JobsPlus, €10,000 thar 2 bhliain d'fhostóir a fhostaíonn cuardaitheoir poist incháilithe atá mar chuid den Lucht Siuil nó den ghrúpa eitneach Roimise. Beidh an leibhéal níos airde den deontas JobsPlus ar fáil freisin d'fhostóirí a fhostaíonn cuardaitheoir poist incháilithe a bhfuil taifead coiriúil le déanaí aige/aici nó duine a raibh fadhb le handúil aige/aici (laistigh de 5 bliana roimhe seo).

Le haghaidh breis eolais faoi JobsPlus, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/jobsplus**

# JobsIreland

Is cuid dár Seirbhís Fostaíochta Poiblí é JobsIreland agus cuireann sé seirbhís fógraíochta agus earcaíochta post ar líne saor in aisce ar fáil d'iarrthóirí poist agus d'fhostóirí. Ligeann sé do chuardaitheoirí poist, poist a lorg agus próifíl a bhunú chun a gcuid scileanna agus taithí a mheaitseáil le poist atá ar fáil faoi láthair.

Mar chuid den tseirbhís seo, tá líonra de bhaill foirne ann chun sainchomhairle agus acmhainní a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí araon. Is féidir leo cuidiú le cuardaitheoirí poist a CV a chruthú agus a bpost idéalach a aimsiú.

Ar **JobsIreland** is féidir leat:

- próifíl cuardaitheora poist a bhunú
- poist a chuardach
- do phróifíl a mheaitseáil le folúntais chuí
- cur isteach ar phoist ar líne

Le haghaidh breis eolais faoi JobsIreland.ie,
scan an cód QR nó:

| | |
|---|---|
| Tabhair cuairt ar: | **www.jobsireland.ie** |
| Ríomhphost: | **jobsireland@welfare.ie** |
| Guthán: | **0818 111 112** nó **(01) 248 1389** |

**Is féidir leat a bheith dár leanúint freisin ar**

@jobsireland

jobsIreland2

jobs-ireland

jobsireland.ie

JobsIreland.ie
Connecting Employers and Jobseekers



T37947.ToIrish_GAE.indd 14 27-06-2023 19:11:51

## Scéim Shóisialta Tuaithe

Soláthraíonn an Scéim Shóisialta Tuaithe ioncam forlíontach d'fheirmeoirí ar ioncam íseal agus d'iascairí nó do mhná nach bhfuil in ann slí bheatha imleor a thuilleamh.

Chun cáiliú don scéim, ní mór duit a bheith 25 bliain d'aois nó níos sine agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a bheith á bhfáil agat. Mar chúiteamh, cuireann rannpháirtithe seirbhísí ar fáil a théann chun tairbhe do phobail tuaithe.

Oibríonn rannpháirtithe na scéime 19.5 uair an chloig sa tseachtain. Tá na huaireanta seo bunaithe ar sceideal a oireann don iascaire nó don fheirmeoir. Tá sé seo amhlaidh lena chinntiú nach gcuireann rannpháirtíocht sa scéim isteach ar do ghníomhaíochtaí feirmeoireachta nó iascaireachta.

Má ghlactar tú ar an scéim, tairgfear conradh duit ón dáta a thosaíonn tú ar an scéim go dtí an 31 Márta ina dhiaidh sin. Ag deireadh an chonartha tosaigh seo, tá seans go nglacfar tú ar an scéim ar feadh tréimhse bhreise, má leanann tú ag comhlíonadh coinníollacha uile na scéime. (Déanaimid maoiniú ar chonarthaí suas go dtí an lá díreach roimh do 66ú breithlá).

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Shóisialta Tuaithe, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/RSS**



T37947.ToIrish_GAE.indd 15 27-06-2023 19:11:52

## Tús (tionscnamh pobail um shocrúcháin oibre)

Soláthraíonn Tús (tionscnamh socrúcháin oibre pobail) deiseanna oibre gearrthéarmacha do dhaoine dífhostaithe.

Is chun tairbhe an phobail na deiseanna oibre agus is iad eagraíochtaí pobail agus deonacha i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon a chuireann na deiseanna oibre ar fáil.

Chun cáiliú don scéim Tús, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- bheith go hiomlán dífhostaithe, **agus**
- Liúntas Cuardaitheora Poist leanúnach a bheith á fháil agat le haghaidh 12 mhí ar a laghad, **nó**
- íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist a bheith á fháil agat. Ní bhaineann aon tréimhse cháilitheach le ICP, **nó**
- caithfidh tú a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine, agus go hiomlán dífhostaithe agus Liúntas Míchumais á fháil agat.

Déanfar daoine dífhostaithe atá cáilithe le haghaidh na scéime a aithint agus déanfaidh a n-Ionad Intreo áitiúil nó a n-Oifig Brainse Leasa Shóisialaigh áitiúil teagmháil leo agus tairgfear deis dóibh páirt a ghlacadh sa scéim. Féadfar roinnt áiteanna Tús a thabhairt do rannpháirtithe féideartha, áfach, má chuireann siad iad féin chun cinn d'áit ar leith.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Tús, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/tus**



T37947.ToIrish_GAE.indd 16 27-06-2023 19:11:52

## Clár Socrúcháin Taithí Oibre

Is clár taithí oibre é an Clár Socrúcháin Taithí Oibre (CSTO) a fhéachann le deis a thabhairt do dhaoine nach raibh post riamh acu nó daoine a chaill a bpost, taithí oibre fhiúntach a fháil.

Tá sé mar aidhm ag an gclár, rannpháirtithe a ullmhú le hobair chuí agus scileanna forbartha pearsanta i dtimpeallacht thacúil agus iad ar a socrúchán oibre, chun a n-ionchais fostaíochta a mhéadú.

Tá rannpháirtíocht sa CSTO go hiomlán deonach agus níl aon phionós airgeadais ar d'íocaíochtaí cosanta sóisialta neamh-rannpháirtíocht.

Chun páirt a ghlacadh ar CSTO, ní mór duit: na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- a bheith idir 18 mbliana agus 65 bliain d'aois, agus
- ceann dár n-íocaíochtaí cáilitheacha a bheith á fáil agat ar feadh 156 lá (6 mhí) ar a laghad laistigh sa 12 mhí roimh duit iarratas a chur isteach.

Is iad na híocaíochtaí cáilitheacha ná:

- Liúntas Cuardaitheora Poist
- Sochar Cuardaitheora Poist
- Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- Liúntas Míchumais
- Pinsean na nDall
- Cúnamh Feirme
- Sochar Cuardaitheora Poist (do Dhaoine Féinfhostaithe)



T37947.ToIrish_GAE.indd 17 27-06-2023 19:11:52

Gheobhaidh rannpháirtithe liúntas pearsanta CSTO gach seachtain, is cuma má tá ioncam nó acmhainní eile á bhfáil acu.

Tá 30 uair an chloig sa tseachtain thar sé mhí i gceist le socrúchán CSTO.

Déantar fógraíocht faoi fholúntais CSTO ar **www.jobsireland.ie** agus ní mór d'fhostóirí clárú ansin sula ndéanann siad fógraíocht ar bith.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gClár Taithí Socrúcháin Oibre, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/wpep**



T37947.ToIrish_GAE.indd 18 27-06-2023 19:11:52

# Cuid 2: Tacaíochtaí airgeadais fad is atá tú ag obair

Má fhilleann tú ar an obair, go lánaimseartha nó go páirtaimseartha, ní chiallaíonn sé sin go gcaillfeá do thacaíochtaí ioncaim go léir. D'fhéadfá tacaíochtaí ioncaim ar leith a choinneáil agus d'fhéadfaí tacaíochtaí eile a chur ar fáil nuair a thosaíonn tú ag obair. D'fhéadfadh baint a bheith ag iad seo le hobair lánaimseartha nó le hobair pháirtaimseartha, nó má shocraíonn tú cur le líon na n-uaireanta a oibríonn tú.

D'fhéadfadh teaghlaigh le tuismitheoirí i bhfostaíocht cáiliú do thacaíochtaí ag brath ar a gcúinsí pearsanta agus ar a n-ioncam.

Tugtar eolas sa rannóg seo faoi na tacaíochtaí a thugann Intreo do dhaoine atá ag obair:

- An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair
- Meastóir Sochair Oibre - uirlis rúnda ar líne
- Liúntas Cúramóra
- Cúnamh Feirme
- Liúntas Cuardaitheora Poist
- Cúnamh Éisc
- Sochar Cuardaitheora Poist
- Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha
- Tacaíocht d'Obair Ghearr-Ama
- An Rogha Oibre Deonaí
- Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht



T37947.ToIrish_GAE.indd 19 27-06-2023 19:11:52

## An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair

Is íocaíocht sheachtainiúil é an Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair a bunaíodh chun cabhrú le daoine a bhfuil leanaí acu agus iad ag athrú ó íocaíochtaí coimirce sóisialaí ar leith go dtí fostaíocht.

Má cháilíonn tú, d'fhéadfá íocaíocht sheachtainiúil a fháil as sin go ceann dhá bhliain.

Má cháilíonn tú don dá cheann, is féidir leat an íocaíocht seo chomh maith leis an Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht a fháil.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/BWFD**

## Meastóir Sochair Oibre

Tugann an Meastóir Sochair Oibre léargas do chuardaitheoirí poist agus do dhaoine a fhaigheann an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ar cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar d'ioncam dá dtosófá ag obair nó dá n-oibreofá níos minice, ach is í an fhírinne go mbíonn formhór na ndaoine níos fearr as ó thaobh airgeadais de tar éis dóibh é seo a dhéanamh.

Ní bhíonn a fhios ag mórán daoine go bhféadfaí tacaíochtaí eile a chur ar fáil dóibh agus iad ag filleadh ar an obair, nó go bhféadfaidís íocaíochtaí áirithe atá a bhfáil acu faoi láthair a choinneáil fiú, an Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist, an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora agus an Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht san áireamh, ag brath ar a ráta ioncaim agus cúinsí an teaghlaigh.

Is uirlis anaithnid í seo agus ní féidir linn feidhm a bhaint as an eolas a sholáthraíonn tú chun tú a aithint.

Tá an Meastóir Tairbhe Oibre ar fáil ach an cód QR a scanadh nó cuairt a thabhairt ar:

**www.mywelfare.ie/benefitofworkjsestimator**



T37947.ToIrish_GAE.indd 20 27-06-2023 19:11:53

## Liúntas Cúramóra

Is íocaíocht de réir tástála acmhainne é Liúntas Cúramóra a dhéantar le duine a bhfuil gnáthchónaí air/aici sa Stát agus atá ag tabhairt cúram lánaimseartha do dhuine a bhfuil tacaíocht de dhíth air/uirthi mar gheall ar aois, míchumas nó tinneas (lena n-áirítear meabhairghalar). Caithfidh cúram agus aire lánaimseartha a bheith ag teastáil ón té atá faoi chúram.

Is féidir leat a bheith ag obair, lena n-áirítear féinfhostaíocht, nó a bheith páirteach i gcúrsa oiliúna nó cúrsa oideachais. Níor cheart duit níos mó ná 18.5 uair an chloig in iomlán in aghaidh na seachtaine a chaitheamh ag na gníomhaíochtaí seo.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Liúntas Cúramóra, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/CA**

## Cúnamh Feirme

Íocaíocht de réir tástála acmhainne d'fheirmeoirí ísealioncaim é Cúnamh Feirme atá cosúil le Liúntas Cuardaitheora Poist.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Chúnamh Feirme, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/farmassist**

## Liúntas Cuardaitheora Poist

Íocaíocht sheachtainiúil ar a ndéantar tástáil mhaoine is ea Liúntas Cuardaitheora Poist. Ní mór go mbeadh cónaí go rialta ort in Éirinn.

Má tá tú ag obair go páirtaimseartha suas le trí lá in aghaidh na seachtaine ach tá tú ar fáil le haghaidh obair lánaimseartha, d'fhéadfá cáiliú d'íocaíocht fós.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Liúntas Cuardaitheora Poist, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/JA**

## Cúnamh Éisc

Is socrú faoin scéim um Liúntas Cuardaitheora Poist é Cúnamh Éisc. Is íocaíocht sheachtainiúil de réir tástála acmhainne chun cabhrú le daoine a bhíonn i mbun iascaireachta agus atá ar ioncam íseal í.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Cúnamh Éisc, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/fishassist**

## Sochar Cuardaitheora Poist

Is íocaíocht do dhaoine idir 18 agus 66 bliain d'aois atá go hiomlán dífhostaithe nó dífhostaithe go pointe áirithe agus a bhfuil go leor ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC) íoctha acu é Sochar Cuardaitheora Poist.

Má tá tú ag obair go páirtaimseartha suas le trí lá in aghaidh na seachtaine ach tá tú ar fáil le haghaidh obair lánaimseartha, d'fhéadfá cáiliú d'íocaíocht fós.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Shochar Cuardaitheora Poist, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/JB**

## Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist

Íocaíocht sheachtainiúil de réir tástála acmhainne do thuismitheoirí nach gcónaíonn le chéile agus a bhfuil an leanbh is óige acu idir 7 agus 14 bhliain d'aois í Íocaíocht Idirthréimhseach do Chuardaitheoirí Poist.

D'fhéadfá a bheith i dteideal an íocaíocht ar fad nó cuid di a choinneáil, ag brath ar do ráta ioncaim ó do thuilleamh agus ioncam ar bith eile.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Íocaíocht Idirthréimhseach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/JST**



T37947.ToIrish_GAE.indd 23 27-06-2023 19:11:55

## Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora

Íocaíocht sheachtainiúil de réir tástála acmhainne do thuismitheoirí nach bhfuil cónaí orthu le chéile agus a bhfuil an leanbh is óige acu faoi bhun seacht mbliana d'aois í an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora.

D'fhéadfá a bheith i dteideal an íocaíocht ar fad nó cuid di a choinneáil, ag brath ar do ráta ioncaim ó do thuilleamh agus ioncam ar bith eile.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/OPF**

## Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha

Sa Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha (an SDPP), ligtear do dhaoine atá dífhostaithe le fada glacadh le fostaíocht pháirtaimseartha ar feadh níos lú ná 24 uair an chloig sa tseachtain agus forlíonadh ioncaim sheachtainiúil speisialta a fháil.

Caithfidh tú a bheith ar fáil chun obair lánaimseartha a dhéanamh agus caithfidh go bhfuil fíor-iarracht á déanamh agat obair a lorg fad a bhíonn tú rannpháirteach san SDPP.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/PTJI**



T37947.ToIrish_GAE.indd 24 27-06-2023 19:11:55

## Tacaíocht d'Obair Ghearr-ama

Is cineál Sochair Cuardaitheora Poist é Tacaíocht d'Obair Ghear-ama. Is íocaíocht tacaíochta ioncaim í do dhaoine a cuireadh ar sheachtain oibre níos giorra, ar bhonn sealadach, ag a bhfostóir.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Thacaíocht Oibre Ghearr-Ama, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/stws**

## An Rogha Oibre Deonaí

I Scéim na Rogha Oibre Deonaí, ligtear do chuardaitheoirí poist oibriú san earnáil dheonach in Éirinn. D'fhéadfá cáiliú d'íocaíocht cuardaitheora poist fós má tá tú ar fáil chun obair lánaimseartha a dhéanamh agus má tá fíor-iarracht á déanamh agat obair a lorg.

Chun cur isteach, ní mór duit Foirm Iarratais Cuardaitheora Poist ar Obair Dheonach a chomhlíonadh agus í a thabhairt leat chuig d'Ionad Intreo áitiúil.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Rogha Oibre Deonach, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/vwo**

# Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht

Cuireann an Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht tacaíocht airgeadais ar fáil do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu.

Braithfidh na rátaí íocaíochta ar mheánioncam seachtainiúil an teaghlaigh agus líon na leanaí cleithiúnacha sa teaghlach.

Is íocaíocht sheachtainiúil saor ó cháin í.

Chun cáiliú d' Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht:

- caithfidh meánioncam seachtainiúil teaghlaigh a bheith faoi bhun méid áirithe do mhéid do theaghlaigh, agus
- caithfidh tú oibriú ar feadh 19 uair an chloig sa tseachtain nó 38 uair an chloig gach coicís.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Íocaíocht Teaghlaigh atá ag Obair, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/WFP**

# Cuid 3: Ag obair fad is atá íocaíocht breoiteachta nó mhíchumais á fáil agat

Má tá tú faoi mhíchumas agus más mian leat tús a chur le fostaíocht, filleadh ar obair, nó leanúint ar aghaidh le do chuid oibre, tá réimse tacaíochtaí ar fáil duit.

Tá tacaíochtaí ar fáil d'fhostóirí chun d'áit oibre a dhéanamh níos oiriúnaí, má tá gá leis sin.

Soláthraíonn an chuid seo faisnéis úsáideach faoi oibriú agus tú ar íocaíocht mhíchumais, an sochar airgeadais a bhaineann le bheith ag obair, agus an raon seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil chun tacú leat obair a chuardach agus leanúint ort i mbun oibre.

Pléitear na topaicí seo a leanas sa chuid seo:

- Meastóir Sochair Oibre - uirlis rúnda ar líne
- Tacaíochtaí do Chéimithe atá faoi Mhíchumas
- Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall agus Fostaíocht
- Cárta Leighis agus Cárta Saorthaistil, iad a choinneáil agus tú ag obair
- Sochar Cumais Pháirtigh

Tá treoir níos mionsonraithe foilsithe againn freisin faoi na tacaíochtaí seo agus faoi scéimeanna eile a bhaineann le tinneas, míchumas agus cúram.

Chun ár dTreoir faoinár Scéimeanna agus faoinár Seirbhísí: Breoiteacht, Míchumas agus Cúram a léamh, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:
**www.gov.ie/illnessdisabilitycaring**

Tá an treoir seo ar fáil i d'Ionaid Intreo áitiúla.



T37947.ToIrish_GAE.indd 27 27-06-2023 19:11:56

## Meastóir Sochair Oibre

Is féidir leat an Meastóir Sochar Oibre a úsáid má tá íocaíochtaí míchumais nó íocaíochtaí breoiteachta á bhfáil agat. Tugann sé seo léargas ar conas is féidir le hioncam ó fhostaíocht dul i bhfeidhm ar do d'íocaíocht leasa shóisialaigh agus an méid a cheadaítear duit a thuilleamh agus na tacaíochtaí atá agat a choinneáil ag an am céanna.

Is uirlis anaithnid í seo agus ní féidir linn feidhm a bhaint as an eolas a sholáthraíonn tú chun tú a aithint.

Tá an Meastóir Tairbhe Oibre ar fáil tríd an cód QR a scanadh nó cuairt a thabhairt ar:

**www.mywelfare.ie/benefitofworkjsestimator**

## Tacaíochtaí do Chéimithe atá faoi Mhíchumas

Reáchtálann an Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas (AHEAD) an clár Willing Able Mentoring (WAM) agus na cláir 'Get Ahead'. Maoiníonn an Roinn Coimirce Sóisialaí na cláir seo.

Is clár socrúcháin oibre íoctha é WAM a chuidíonn le céimithe atá faoi mhíchumas fostaíocht a aimsiú.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi WAM agus GetAHEAD, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.ahead.ie**

## Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall agus Fostaíocht

Má tá Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil agat, d'fhéadfá a bheith i dteideal na híocaíochta ar fad, nó cuid di a choinneáil, ag brath ar do ráta ioncaim ó do thuilleamh agus ioncam ar bith eile.

Má tá Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil agat, d'fhéadfadh suim a bheith agat sna scéimeanna seo a leanas:

- an Clár Taithí Socrúcháin Oibre (CSTO) a sholáthraíonn taithí oibre le hóstach (cuideachta), oiliúint chreidiúnaithe nó earnála-aitheanta, meantóireacht agus tacaíochtaí forbartha pearsanta ar feadh 30 uair sa tseachtain thar 6 mhí. Le haghaidh breis eolais faoi CSTO, téigh chuig **leathanach 17**.
- an Scéim Shóisialta Tuaithe a thugann tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí agus d'iascairí agus iad ag obair ar son a bpobail. Le haghaidh níos mó eolais faoin Scéim, téigh chuig **leathanach 15**.
- tugann an Clár Fostaíochta Pobail taithí oibre agus deiseanna oiliúna do dhaoine laistigh dá bpobail. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi FP, téigh chuig **leathanach 10**.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Liúntas Míchumais, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/DA**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Phinsean na nDall, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/blindpension**



T37947.ToIrish_GAE.indd 29 27-06-2023 19:11:57

# Cárta Leighis agus Cárta Saorthaistil, iad a choinneáil agus tú ag obair

## Cárta Leighis

Má tá tú ag filleadh ar obair lánaimseartha nó obair pháirtaimseartha, tá seans ann go mbeidh tú in ann do chárta leighis a choinneáil. Tá tuilleadh eolais ar fáil trí chuairt a thabhairt ar **www2.hse.ie/medical-cards**

## Cárta Saorthaistil

- má tá tú ag obair agus Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil, coinneoidh tú do theidlíocht don Chárta Saorthaistil
- má aistríonn tú ó Phinsean na nDall go dtí post, coinneoidh tú do theidlíocht don Chárta Saorthaistil
- má aistríonn tú ó íocaíocht mhíchumais atá á fáil agat le fada go dtí post, coinneoidh tú do theidlíocht don Scéim Saorthaistil ar feadh tréimhse cúig bliana, fad is a chomhlíonann tú na riachtanais eile go léir don Scéim Saorthaistil

  Áirítear na scéimeanna seo a leanas mar íocaíochtaí míchumais fadtéarmacha:

  ◊ Liúntas Míchumais (LM)
  ◊ Pinsean Easláine (INV) (PE)
  ◊ Sochar Cumais Pháirtigh, má aistríonn tú ó Phinsean Easláine
  ◊ Sochar Míthreorach íoctha chomh maith le Forlíonadh Éagumais
  ◊ Scéim Fostaíochta Pobail, má aistríonn tú ó Liúntas Míchumais, ó Phinsean na nDall nó ó Phinsean Easláine
  ◊ Scéim SOLAS, má aistríonn tú ó Liúntas Míchumais, ó Phinsean na nDall nó ó Phinsean Easláine
  ◊ Scéim um Fhilleadh ar Obair, má aistríonn tú ó Liúntas Míchumais, ó Phinsean na nDall nó ó Phinsean Easláine



T37947.ToIrish_GAE.indd 30 27-06-2023 19:11:57

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Shaorthaisteal, scan an cód QR nó:

Tabhair cuairt ar: **ewww.gov.ie/freetravel**
Ríomhphost: **freetravelqueries@welfare.ie**
Guthán: **(071) 915 7100**

## Sochar Cumais Pháirtigh

Má tá Pinsean Easláine á fháil agat nó má tá Sochar Míchumais á fháil agat ar feadh sé seachtaine is fiche nó tréimhse níos faide, agus má tá tú ag iarraidh dul i mbun fostaíochta, is féidir leat cur isteach ar an scéim um Sochar Cumais Pháirtigh. Faoin scéim seo, féadann tú leanúint ort i mbun ioncam breise a fháil agus tú ag obair.

Tabhair do d'aire nach féidir leat tosú ag obair go dtí go bhfuil cead i scríbhinn faighte agat uainn chun é seo a dhéanamh, tar éis dúinn d'iarratas ar Shochar Cumais Pháirtigh a mheas.

Beidh an ráta íocaíochta a fhaigheann tú, i dteannta le do chuid tuillimh, bunaithe ar do Phinsean Easláine reatha nó d'íocaíocht Sochair Breoiteachta agus ar mheasúnú leighis.

Ní bhaineann srian ar bith le do thuilleamh nó le huaireanta an chloig gur féidir leat a oibriú faoin scéim um Sochar Cumais Pháirtigh.

Ní bhaineann baol ar bith le do shochair agus an measúnú seo á dhéanamh agat. Scéim dheonach is ea í seo agus is féidir filleadh ar do chéad íocaíocht arís, fad is atá do bhunchoinníollacha éilimh fós á gcomhlíonadh agat.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Shochar Cumais Pháirtigh, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/PCB**



T37947.ToIrish_GAE.indd 31 27-06-2023 19:11:57

# Cuid 4: Deontais agus tacaíochtaí airgeadais do dhaoine faoi mhíchumas agus dá bhfostóirí

Sa chuid seo, tugtar eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil:

- Do Chuardaitheoirí Poist atá faoi mhíchumas
- D'Fhostaithe atá faoi mhíchumas
- D'Fhostóirí ar mhaith leo cuardaitheoir poist atá faoi mhíchumas a fhostú nó atá ag iarraidh tacú le fostaí reatha atá faoi mhíchumas nó a thagann míchumas air/uirthi

Áirítear leo siúd:

- Na deontais don Chiste um Fhreastal Réasúnta
- Deontas don Scéim Tacaíochta um Fheasacht Mhíchumais
- Scéim Fóirdheontas Pá
- JobsPlus (dreasacht fostóra). Le haghaidh tuilleadh eolais féach **leathanach 13.**

## Deontais don Chiste um Fhreastal Réasúnta

Cabhraíonn Deontais an Chiste um Chóiríocht Réasúnta le fostaithe cuardaitheora poist atá faoi mhíchumas agus le fostóirí, lena n-áirítear lucht féinfhostaithe, chun daoine faoi mhíchumas a chumasú chun dul isteach, dul ar ais i bhfostaíocht nó fanacht fostaithe trí na ceithre dheontas seo a leanas a sholáthar:

1. Deontas Oiriúnaithe Trealaimh san Ionad Oibre
2. Deontas Léitheora Phearsanta
3. Deontas um Fhostaithe a Choinneáil
4. Deontas um Ateangaire ag Agallamh Poist

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gCiste um Chóiríocht Réasúnta, scan an Cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/RAFUND**

## Deontas Oiriúnaithe Trealaimh san Ionad Oibre

Má tá gá agat le hionad oibre níos inrochtana nó le trealamh níos oiriúnaithe chun do chuid oibre a dhéanamh (fiú má tá tú féinfhostaithe) b'fhéidir go mbeidh tú féin nó d'fhostóir in ann deontas a fháil i leith na gcostas a bhaineann leis na hathruithe sin a dhéanamh.

Féadfar deontais a mheas le haghaidh teicneolaíochtaí cúnta agus oiriúnuithe trealaimh. Ní íoctar an deontas seo ach amháin má tá tú fostaithe san earnáil phríobháideach.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Dheontas Oiriúnaithe Trealaimh san Ionad Oibre, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/weag**



T37947.ToIrish_GAE.indd 33 27-06-2023 19:11:57

## Deontas Léitheora Phearsanta

Má tá tú dall nó lagú radhairc ort nó má tá radharc na súile ag cliseadh ort agus má theastaíonn cúnamh uait le léamh a bhaineann le post, b'fhéidir go mbeifeá i dteideal deontais a thabharfadh cead duit Léitheoir Pearsanta a fhostú.

Ní íoctar an deontas seo ach amháin má tá tú fostaithe san earnáil phríobháideach. Íocfaimid táille in aghaidh na huaire, de réir an íosphá reatha. Íocfar é i gcomhair tréimhse chomhaontaithe suas go **640 uair an chloig sa bhliain**.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Dheontas Léitheora Pearsanta, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/persreader**

## Deontas um Fhostaithe a Choinneáil

Tá sé mar aidhm ag an Deontas Coinneála Fostaithe cabhrú le fostóirí san earnáil phríobháideach chun tacú le fostaithe a fhaigheann tinneas, míchumas, riocht nó lagú (gairme nó eile) a chuireann isteach ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh.

Cuireann an scéim maoiniú ar fáil chun:

- lóistín nó oiliúint nó an dá cheann a aithint le cur ar chumas an fhostaí fanacht ina phost reatha; nó
- an fostaí a choinneáil chun go mbeidh siad in ann post eile a fháil laistigh den chuideachta.

Tá cead ag aon chuideachta san earnáil phríobháideach leas a bhaint as an Scéim Deontais um Fhostaí a Choinneáil. Tá maoiniú ar fáil chun tacú le haon fhostaí atá ann cheana féin, ag aon leibhéal agus slí bheatha laistigh den chuideachta.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Dheontas um Fhostaí a Choinneáil, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/erg**



T37947.ToIrish_GAE.indd 34 27-06-2023 19:11:58

## Deontas um Ateangaire ag Agallamh Poist

Más cuardaitheoir poist tú atá bodhar, lagéisteachta nó má tá lagú cainte ort agus má tá tú ag freastal ar agallaimh poist le fostóirí san earnáil phríobháideach, is fédir leat cur isteach ar mhaoiniú chun:

- ateangaire comharthaíochta a bheith agat;
- duine atá ábalta liopaí a léamh nó
- ateangaire eile chun freastal ar agallamh in éineacht leat.

Is féidir leat cur isteach ar thréimhse trí huaire an chloig in aghaidh an agallaimh. Má tá roinnt agallamh socraithe agat, is féidir leat cur isteach ar mhaoiniú i gcomhair gach ceann díobh. Ní bhaineann aon teorainn leis an líon agallamh ar féidir le duine freastal orthu le hateangaire.

### Ionduchtú:

Má tá post nua á thosú agat le fostóir san earnáil phríobháideach, is féidir leat maoiniú a fháil freisin i leith na gcostas a bhaineann le hateangaire a fhostú le haghaidh trí uair an chloig chun cabhrú leat le linn d'ionduchtaithe.

Chomh maith le tacaíocht ateangaire i gcaitheamh na fostaíochta a úsáid ag agallaimh poist, is féidir an tacaíocht chéanna a úsáid i gcomhair ionduchtú an fhostaí.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Dheontas Ateangaire Agallaimh Poist, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/interpretergrant**



T37947.ToIrish_GAE.indd 35 27-06-2023 19:11:58

## Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas

Cuireann an Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas maoiniú ar fáil d'fhostóirí san earnáil phríobháideach chun Oiliúint Feasachta Míchumais a shocrú agus íoc as do bhaill foirne a oibríonn le comhghleacaí atá faoi mhíchumas.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Thacaíocht Feasachta Míchumais, scanadh an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/dass**

## Scéim Fóirdheontais Pá

Cuireann an Scéim Fóirdheontais Pá dreasachtaí airgeadais ar fáil d'fhostóirí san earnáil phríobháideach chun daoine faoi mhíchumas a fhostú a bhfuil srianta orthu a d'fhéadfadh cur isteach ar tháirgiúlacht chuideachta an fhostóra dá bhfostófáí iad.

Caithfidh d'fhostóir idir 21 agus 39 uair an chloig fóirdheonaithe a thairiscint duit agus Conradh Fostaíochta a thabhairt duit ina léirítear na téarmaí agus coinníollacha do chuid fostaíochta. Ba cheart go mairfeadh an conradh seo ar feadh sé mhí ar a laghad.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Fóirdheontais Pá, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/wss**

## JobsPlus

Is féidir le fostóirí a fhostaíonn cuardaitheoir poist atá ag fáil Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall leas a bhaint as dreasacht airgeadais JobsPlus. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an scéim, téigh chuig **leathanach 13**.

Le haghaidh breis eolais faoi JobsPlus, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/jobsplus**

# Cuid 5: Oiliúint agus oideachas

Tacaímid le roghanna éagsúla do dhaoine atá ag iarraidh tuilleadh uasoiliúna a chuir orthu féin nó atá ag iarraidh filleadh ar an oideachas. Cabhróidh na tacaíochtaí seo leat teacht ar an oiliúint nó oideachas atá uait le filleadh ar shaol na hoibre.

I measc na roghanna atá agat, tá íocaíocht leanúnach de thacaíochtaí ioncaim ar bhonn seachtainiúil a fháil ar mhaithe le cuidiú leat deiseanna oideachais athdheise a thapú.

Braitheann do incháilitheacht le haghaidh tacaíochtaí leasa agus tú ag filleadh ar an oideachas nó ar an oiliúint ar an gcineál cúrsa, fad an chúrsa agus cé chomh fada is atá íocaíocht cháilithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí á fáil agat.

- Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas go Lánaimseartha
- Rogha Oideachais Pháirtaimseartha
- Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha
- Deontas Tacaíochta Oiliúna
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Roghanna Oideachais agus Oiliúna Eile

## An Clár um Fhilleadh ar Oideachas

Clúdaítear sa Chlár um Fhilleadh ar Oideachas na roghanna staidéir seo a leanas:

- cúrsaí oideachais dara leibhéal
- cúrsaí oideachais tríú leibhéal
- cúrsaí iarchéime áirithe
- cúrsaí oideachais, oiliúna agus forbartha
- cúrsaí oideachais pháirtaimseartha

## Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas go Lánaimseartha

Má tá tú dífhostaithe, má tá tú i do thuismitheoir aonair nó má tá tú faoi mhíchumas agus má tá íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar leith á bhfáil agat, d'fhéadfá a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh i gcúrsa oideachais dara nó tríú leibhéal go lánaimseartha agus íocaíocht sheachtainiúil ón Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas a fháil.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas don Oideachas Lánaimseartha, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/BTEA**

## Rogha Oideachais Pháirtaimseartha

Faoin Rogha Oideachais Pháirtaimseartha, tá cead agat do Liúntas Cuardaitheora Poist a choinneáil fad is atá cúrsa oideachais nó oiliúna páirtaimseartha lae, um thráthnóna, go cianda nó ar líne á dhéanamh agat.

Mí mór duit na coinníollacha le haghaidh íocaíochtaí Cuardaitheora Poist a chomhlíonadh fós. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh tú a bheith in ann a léiriú go bhfuil tú fós ag tabhairt go díograiseach faoi phost a fháil agus go bhfuil tú sásta glacadh le post agus go bhfuil seans maith go bhfeabhsóidh an cúrsa do dheiseanna ar phost a fháil. Táthar ag súil leis go nglacfá le tairiscint ar phost má thairgtear duit í le linn don chúrsa a bheith á dhéanamh agat.

Is féidir tacaíocht le haghaidh cúrsaí páirtaimseartha a chuirtear ar fáil ar nós iad siúd ó na **Boird Oideachais agus Oiliúna** ó **SpringBoard+** agus an cúrsa **Skillnets Skills Connect** a fháil leis an rogha seo.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Rogha Oideachais Pháirtaimseartha, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/pteo**

# Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha

Ceadaítear leis an Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha d'íocaíocht cuardaitheora poist a choinneáil agus páirt á glacadh agat i gcúrsa a mhaireann ar feadh tréimhse níos gairide.

D'fhéadfaí réimse leathan cúrsaí a cheadú faoin Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha, lena n-áirítear cúrsaí forbartha pearsanta, cúrsa bunoideachais ar nós ranganna litearthachta, cúrsaí oiliúna ginearálta agus oiliúint i gcomhair scileanna poist ar leith.

Caithfidh tú coinníollacha na scéime a shásamh agus caithfidh sé a bheith soiléir go bhfeabhsóidh an cúrsa do dheiseanna fostaíochta.

Chun cáiliú ní mór duit:

- a bheith 21 bliain d'aois nó níos sine
- a bheith cláraithe mar dhuine dífhostaithe
- i mbun Liúntas nó Sochar Cuardaitheora Poist a fháil agat nó a bheith ag síniú le haghaidh 'creidiúintí cuardaitheoirí poist' ar feadh sé mhí ar a laghad (156 lá)

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/OG/ETD**

## Deontas Tacaíochta Oiliúna

Má tá bearna scileanna agat a d'fhéadfadh bac a chur ort chun cur isteach ar phost, maoiníonn an Deontas Tacaíochta Oiliúna rochtain thapa ar oiliúint ghearrthéarmach do dhaoine a bhfuil íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe á bhfáil acu, go háirithe íocaíochtaí cuardaitheora poist agus íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora, mar aon le híocaíochtaí a bhaineann le míchumas agus breoiteacht fhadtéarmach nuair a chomhlíontar na coinníollacha.

Tá deontas suas le €1,000 ar fáil i dtreo chostas do chúrsa nuair nach bhfuil cúrsaí chomhchosúla ar fáil saor in aisce faoi láthair ó chláir agus ó ghníomhaireachtaí eile leithéidí **Solas** nó na **Boird Oideachais agus Oiliúna**.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Deontas Tacaíochta Oiliúna, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/trainingsupportgrant**

## Breisoideachas agus Oiliúint

Cuireann Breisoideachas agus Oiliúint (FET) raon leathan de roghanna oideachais ar feadh an tsaoil ar fáil do dhuine ar bith atá os cionn 16 bliana d’aois.

Cuimsítear i mBreisoideachas agus Oiliúint printíseachtaí, cúrsaí oibre, cúrsaí iar-Ardteistiméireachta (PLC) agus oideachas poiblí agus oideachas do dhaoine fásta chomh maith le seirbhísí litearthachta agus uimhearthachta.

Cuirtear cúrsaí agus cláir FET ar fáil trí líonra na mBord Oideachais agus Oiliúna (ETB) ar fud na tíre chomh maith le trí sholáthraithe áitiúla eile, an tseirbhís ar líne ríomhCholáiste de chuid SOLAS' san áireamh.

Tá rochtain ar an gcuid is mó de na cláir seo saor in aisce. Beidh rannpháirtíocht ar chláir iar-Ardteistiméireachta fós faoi réir táillí a íoc.

Má tá íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí á fáil agat agus má glactar leat ar chúrsa oiliúna formheasta, gheobhaidh tú liúntas oiliúna ón BOO nó coinneoidh tú d'íocaíocht ón Roinn. Braitheann coinneáil d’íocaíochta ar an gcineál íocaíochta atá á fáil agat.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chúrsaí BOO, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.fetchcourses.ie**

# Roghanna Oideachais agus Oiliúna Eile

## Tá roghanna oiliúna agus oideachais eile ar fáil ar nós ná roghanna seo a leanas:

Is ionad ilfhreastail é **The Right Course** le teacht ar eolas faoi chúrsaí atá ar fáil má tá tú ag iarraidh scileanna nua a fhoghlaim, do scileanna a uasdátú nó bealach nua a aimsiú duit féin.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar**www.gov.ie/therightcourse**

Is tionscnamh uasoiliúna in ardoideachas é **The Springboard+** a sholáthraíonn cúrsaí saor in aisce agus fóirdheonaithe.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar**www.springboardcourses.ie**

Cuireann **Gréasán Foghlama Skillnet Ireland** roinnt clár ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh scileanna nua a fhoghlaim nó cur lena gcuid scileanna.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil tríd an gcód QR a scanadh nó tríchuairt a thabhairt ar**www.skillnetireland.ie**

Is clár oideachais agus oiliúna athdheise atá sa **Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (VTOS)** a sholáthraíonn cúrsaí do dhaoine atá dífhostaithe.
Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil tríd angcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar**www.education.ie**

Tugann an **Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA)** eolas ar chúrsaí saor in aisce ar fud na tíre má tá fonn ort do chuid scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, litrithe nó matamaitice a fheabhsú.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar**www.nala.ie**



T37947.ToIrish_GAE.indd 42 27-06-2023 19:12:00

# Cuid 6: Do ghnó féin a bhunú

Má tá tú ag smaoineamh faoi do ghnó féin a bhunú, is féidir le d'Ionad Intreo áitiúil tacaíocht agus comhairle a thabhairt duit chun cuidiú leat.

Déantar an méid seo a leanas a phlé sa chuid seo:

- Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair
- Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach
- Deontas Tacaíochta Fiontraíochta

## Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

Tá an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair ar fáil duit chun cuidiú leat a bheith féinfhostaithe nó le do ghnó féin nua a bhunú.

Ceadaítear duit sa scéim an chuid seo de do chuid íocaíochta leasa coimirce sóisialaí reatha a choinneáil ar feadh dhá bhliain:

- 100% don chéad bhliain
- 75% don dara bliain

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Chuideachtaí Forbartha Áitiúla, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.ildn.ie**

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/BTEA**



T37947.ToIrish_GAE.indd 43 27-06-2023 19:12:00

## Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach

Bunaíodh an Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach (STEA) chun tacaíocht láithreach a thabhairt má chailleann tú do phost agus má tá tú ag iarraidh do ghnó féin a bhunú. Ní mór duit cáiliú don Sochar Cuardaitheora Poist nó don Sochar Cuardaitheora Poist do Dhaoine atá Féinfhostaithe chun an liúntas seo a fháil.

Íoctar an Liúntas in ionad an tSochair Cuardaitheora Poist ar feadh naoi mí ar a mhéad. Críochnaíonn sé nuair a thagann deireadh le do theidlíocht ar Shochar Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist do Dhaoine atá Féinfhostaithe, (is é sin tar éis sé nó naoi mí).

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Liúntas Fiontraíochta Gearrthéarmach, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/stea**

## Deontas Tacaíochta Fiontraíochta

Tugann an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta tacaíocht airgeadais do dhaoine atá tar éis gnó nua a bhunú agus a bhfuil tacaíocht ioncaim á fáil acu faoi láthair faoin Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair (BTWEA) nó Liúntas Fiontraíochta Gearrthéarmach (STEA).

Cabhraíonn an deontas leis na costais a bhaineann le gnó nua a bhunú a íoc.

Is é an uasmhéid atá iníoctha ná €2,500 le haghaidh an chéad 24 mhí den éileamh BTWEA. Dóibh siúd a bhfuil STEA á fháil acu, beidh an íocaíocht i gcomhréir le huasmhéid cothrom le €625 (6 mhí) nó €1,000 (9 mí).

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Deontas Tacaíochta Fiontraíochta, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/enterprisesupportgrant**



T37947.ToIrish_GAE.indd 44 27-06-2023 19:12:00

# Cuid 7: Tacaíochtaí Eile

Sa chuid seo, tabharfar eolas faoi na tacaíochtaí eile atá ar fáil lena n-áirítear:

- Liúntas Leasa Forlíontach
- Forlíonadh Cíosa agus Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
- Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid
- An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí

## Liúntas Leasa Forlíontach

Is liúntas seachtainiúil é an Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach (LLF) a d'fhéadfá a fháil mura bhfuil do dhóthain d'ioncam le freastal ar do chuid riachtanas agus riachtanais do theaghlach.

Má rinne tú éileamh ar íocaíocht coimirce sóisialaí ach mura íocadh é go fóill agus mura bhfuil ioncam ar bith eile agat, d'fhéadfá cáiliú don Liúntas Leasa Forlíontach idir an dá linn. Déanfar an méid a íoctar leat agus tú ag fanacht a asbhaint ó riaráistí d'íocaíocht coimirce sóisialaí, áfach.

D'fhéadfá a bheith incháilithe do Liúntas Leasa Forlíontach, má chomhlíonann tú na coinníollacha seo a leanas:

- go bhfuil tú i do chónaí i bPoblacht na hÉireann
- coinníoll gnáthchónaithe a chomhlíonadh
- coinníollacha maidir le tástáil acmhainne a shásamh. Déanfar caipiteal agus réadmhaoin uile, seachas do theach cónaithe a mheas sa tástáil acmhainne.

Má thosaigh tú ag obair, tá seans ann go mbeifeá i dteideal Liúntas Leasa Forlíontach suas le 30 lá a fháil agus tú ag fanacht ar do phá.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Liúntas Leasa Forlíontach, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/swa**



T37947.ToIrish_GAE.indd 45 27-06-2023 19:12:00

## Forlíonadh Cíosa

Is tacaíocht ioncaim ar bhonn gearrthéarmach de réir tástála acmhainne é an Forlíonadh Cíosa atá ar fáil do dhaoine atá ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos, nach bhfuil in acmhainn costais na cóiríochta a íoc agus nach bhfuil cóiríocht ar bith ó aon fhoinse eile ar fáil dóibh.

Cinntíonn an scéim gur féidir leo siúd a bhfuil cóiríocht a fháil ar cíos acu ach atá athrú tagtha ar a gcúinsí athraithe de dheasca a bheith gan obair nó gan ioncam go sealadach, leanúint ar aghaidh lena gcuid gealltanas cíosa a chomhlíonadh.

Tá ról lárnach fós ag an bhForlíonadh Cíosa maidir le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus do dhaoine aonair a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht phríobháideach ar cíos.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin bhForlíonadh Cíosa, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.gov.ie/RENT**

## Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid

Tugann an tSeirbhís Buiséadta agus Comhairle Airgid (SBCA) tacaíocht do dhaoine i bhfoirm comhairle maidir le hairgead, buiséadú agus fiachas. Is féidir léi eolas agus comhairle a thabhairt duit maidir le céard ba cheart duit a dhéanamh má tá tú ar chúl nó ag streachailt le billí ar nós íocaíochtaí fóntais, cíosa agus morgáiste nó má tá tú i bhfiacha.

Is féidir le SBCA bainistiú a dhéanamh ar d'airgead chomh maith le comhairle a thabhairt duit ar líne, ar an bhfón nó aghaidh ar aghaidh. Is seirbhís rúnda saor in aisce státmhaoinithe í. Is féidir leat liosta de na 60 oifig SBCA timpeall na tíre a aimsiú ar a suíomh gréasáin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi MABS, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.mabs.ie**



T37947.ToIrish_GAE.indd 46 27-06-2023 19:12:01

## Abhaile

Faoin gclár Abhaile, cuidíonn an tSeirbhís Buiséadta agus Comhairle Airgid (MABS) le daoine atá i riaráistí morgáiste réiteach a aimsiú agus fanacht ina dteach nuair is féidir. Ag brath ar do chás, is féidir leat comhairle airgeadais, dlí nó dócmhainneachta a fháil. Oibreoidh comhairleoir ar leith leat agus le d'iasachtóir chun an réiteach is fearr duit a aimsiú. Seirbhís rúnda saor in aisce státmhaoinithe is ea Abhaile.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Abhaile, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar:

**www.mabs.ie/abhaile**

# An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí

Is í an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (SCNL) an chéad teidlíocht reachtúil ar chúram leanaí in Éirinn riamh.

Soláthraíonn an SNCL dhá chineál fóirdheontas i leith chostas cúram leanaí ar ardchaighdeán:

1. Fóirdheontas uilíoch iníoctha ar son leanaí idir 24 seachtain d'aois agus 36 mí d'aois, atá ag freastal ar aon seirbhís cúram leanaí formheasta. Tá sé iníoctha ar son leanaí níos sine ná 36 mí d'aois, nach gcáilíonn don Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (COLÓ) go fóill. Ní bhíonn an fóirdheontas seo tástáilte ó thaobh acmhainne de agus tá sé ar fáil do gach teaghlach incháilithe ar aon leibhéal ioncaim.
2. Fóirdheontas atá bainteach le hioncam atá iníoctha le leanaí atá idir 24 seachtain d'aois agus 15 bliana atá ag freastal ar aon seirbhís cúram leanaí formheasta. Bíonn an fóirdheontas seo tástáilte ó thaobh acmhainne de agus braitheann an méid a íoctar ar ioncam inríofa an teaghlaigh (ollioncam sula mbaintear cáin, asbhaintí eile agus lascaine ilpháistí infheidhme). Ní mór don ioncam inríofa a bheith níos lú ná €60,000.

Is conair chuig cúram leanaí inrochtana inacmhainne ar ardchaighdeán í SNCL.

Le haghaidh tuilleadh eolais, cuir glaoch ar an Ionad Tuismitheoirí ar **(01) 906 8530.** Tá sé oscailte ó Luan go hAoine ó 9am go 5pm; **nó**

Déan teagmháil le do Choiste Cúram Leanaí Cathach nó Contae (CCC) áitiúil.

Is féidir leat do Choiste Cúram Leanaí Cathach nó Contae áitiúil a aimsiú tríd an gcód QR a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar**www.myccc.ie**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, scan an cód QR nó tabhair cuairt ar **www.ncs.gov.ie**

# Nótaí

# Nótaí

T37947.ToIrish_GAE.indd 51 27-06-2023 19:12:01

**Chuir an tAonad Seirbhíse do Chustaiméirí**

**an treoirleabhar seo le chéile**

**An Roinn Coimirce Sóisialaí**



T37947.ToIrish_GAE.indd 52 27-06-2023 19:12:01

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Intreo

Seirbhísí Fostaíochta agus Tacaíochta
Employment and Support Services

15K 05-23

Bealtaine 2023

T37947.ToIrish_GAE.indd 53 27-06-2023 19:12:02